Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Eanáir 2025
(OR. en)

5637/25

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0074(NLE)**

FRONT 24
COWEB 11
MIGR 34

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7900/1/24 REV 1 + 7900/24 ADD 1 REV 1 + 7900/24 ADD 2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia<br>– Glacadh |

1. An 18 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia.

2. Is é cuspóir an Chomhaontaithe, ar bhonn Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[1], údarú a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta foirne bainistithe teorann a imscaradh ón mbuanchór chuig Poblacht na Seirbia feadh theorainneacha uile na tíre. Leis an gComhaontú, déanfar an comhaontú stádais a síníodh an 19 Samhain 2019 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia a aisghairm agus a ionadú.

3. Tugadh an chaibidlíocht idir an Coimisiún agus Poblacht na Seirbia chun críche go rathúil. An 18 Márta 2024, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia, agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe[2]. Ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir leis an síniú an 30 Bealtaine 2024 agus síníodh an Comhaontú an 25 Meitheamh 2024 i mBéalgrád, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

4. I gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

5. An 15 Iúil 2024, chuir an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus téacs an Chomhaontaithe ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil.

6. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[3]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

---

[1] IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.
[2] 7897/24 +ADD 1+ ADD 2 agus 7900/1/24 REV 1 +ADD 1 REV1+ADD 2.
[3] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

7. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

8. An 21 Eanáir 2025, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích[4] agus thug sí treoir dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Seirbia.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

   a) an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 8441/24 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, agus

   b) cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(d) de Rialacha agus Nósanna Imeachta na Comhairle, go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuas, mar aon le téacs an Chomhaontaithe, san Iris Oifigiúil, sraith ‘L’.

Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[4] P10_TA(2025)0001